
An Coimisiún Eorpach



# Juvenes Translatores

## Comórtas chun aitheantas a thabhairt do na haistritheoirí óga is fearr san Aontas Eorpach

CÉ ATÁ IN ANN PÁIRT A GHLACADH ANN?
Daltaí meánscoile a rugadh in 2006

### CÉN RUD É?

Gach bliain ó bhí 2007 ann, tá comórtas *Juvenes Translatores* á reáchtáil ag Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh i scoileanna ar fud na hEorpa. Tríd an gcomórtas aistriúcháin féin, is féidir le daoine óga blaiseadh de ghairm an aistritheora, spreagtar iad chun teangacha iasachta a fhoghlaim, agus is féidir go spreagfaí roinnt acu le bheith ina n-aistritheoirí gairmiúla iad féin. Bíonn thart ar 3,000 déagóir as beagnach 700 meánscoil páirteach sa chomórtas gach bliain.

### CATHAIN A BHEIDH SÉ AR SIÚL?

**Roimh an gcomórtas**
Ní mór do scoileanna clárú go díreach ar shuíomh gréasáin *Juvenes Translatores* idir an 4 Meán Fómhair agus an 16 Deireadh Fómhair 2023.
Roghnófar na scoileanna go randamach – i ngach tír den Aontas Eorpach, is ionann an líon scoileanna ar féidir leo páirt a ghlacadh agus an líon suíochán atá ag an tír sin i bParlaimint na hEorpa.

**Lá an chomórtais – 23 Samhain 2023**
I dtíortha uile an Aontais Eorpaigh, ar an lá céanna, aistreoidh na daltaí téacs faoi mhaoirseacht a múinteoirí.

**Tar éis an chomórtais: searmanas bronnta sa Bhruiséil (go luath in 2024)**
Aistritheoirí ó Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin a mharcálfaidh na haistriúcháin agus a roghnóidh an t-aistriúchán is fearr ó gach Ballstát. Mar dhuais, gheobhaidh na 27 mbuaiteoir cuairt trí lá ar an mBruiséil agus bronnfar gradam orthu le linn na cuairte sin.

### CÉ NA TEANGACHA A BHEIDH I gCEIST SAN AISTRIÚCHÁN?

Aon cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh

Gheobhaidh na daltaí téacs ina rogha teanga...

... agus aistreoidh siad chuig a rogha teanga eile é

ec.europa.eu/translatores facebook.com/translatores instagram.com/translatingforeurope/
Scríobh chugainn: DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu

#JuvenesTranslatores